# Ceistneoir Measúnaithe Aibíochta Digití le haghaidh Custaiméirí an Mhoil Eorpaigh maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach (EDIH)

### Spriocghrúpa: Eagraíochtaí Earnála Poiblí

### Céim: T0 (roimh thús na tacaíochta ó EDIH)

## MODÚL 1: Sonraí Custaiméirí

*Sa mhodúl seo, tabhair bunfhaisnéis ghinearálta faoin eagraíocht earnála poiblí ar mian léi tacaíocht a fháil ó EDIH. Tá gá leis na sonraí sin chun anailís a dhéanamh ar a fheabhas atá aibíocht dhigiteach d'eagraíochta féin i gcomparáid le heagraíochtaí comhchosúla eile.*

### M1.1. Sonraí Ginearálta:

1. Dáta
2. Ainm na heagraíochta a fhaigheann tacaíocht ó EDIH:
3. Uimhir Aitheantais Eile (CBL nó a coibhéis):
4. Teagmhálaí:
5. Ról san eagraíocht:
6. Seoladh ríomhphoist:
7. Teileafón:
8. Suíomh gréasáin:
9. An cineál eagraíochta earnála poiblí:
    1. Údarás náisiúnta
    2. Údarás réigiúnach
    3. Údarás cúige/bardasach
    4. Eile
10. Líon foirne na heagraíochta
    1. Líon beag (0-49)
    2. Líon meánach (50-249)
    3. Líon mór (250 nó níos mó)
11. Seoladh iomlán (Sráid, Cód poist, Cathair, Tír)
12. Uimhir Cóid Aitheantais Rannpháirtí[1] (má tá sí ar fáil, le líonadh isteach ag EDIH)

### M1.2. Earnáil Gníomhaíochta:

13. Cé acu ceann de na réimsí leathana rialtais seo a leanas a bhfuil d'eagraíocht páirteach ann[2]? Roghnaigh suas le dhá rogha:

An príomhcheann (ceann amháin éigeantach):

1. Seirbhísí poiblí ginearálta
2. Cosaint
3. Ord agus sábháilteacht phoiblí
4. Gnóthaí eacnamaíocha
5. Cosaint an chomhshaoil
6. Tithíocht agus áiseanna pobail

---

[1] Cód Aitheantais Rannpháirtí

[2] Aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG): https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Glossary:Classification_of_the_functions_of_government_(COFOG)

7. Sláinte
8. Áineas, cultúr agus reiligiún
9. Oideachas
10. Cosaint shóisialta
11. Eile


Tánaisteach (ceann amháin roghnach):

1. Seirbhísí poiblí ginearálta
2. Cosaint
3. Ord agus sábháilteacht phoiblí
4. Gnóthaí eacnamaíocha
5. Cosaint an chomhshaoil
6. Tithíocht agus áiseanna pobail
7. Sláinte
8. Áineas, cultúr agus reiligiún
9. Oideachas
10. Cosaint shóisialta
11. Eile

## MODÚL 2: Aibíocht Dhigiteach

*Is é is aidhm do na ceisteanna sa mhodúl seo aibíocht dhigiteach d'eagraíochta a thomhas. Beidh an fhaisnéis seo ina cuidiú chun pointe imeachta thuras claochlaithe dhigitigh d'eagraíochta a thréithriú, lena sainaithneofar réimsí ina bhféadfadh tacaíocht ó EDIH a bheith de dhíth uirthi. Cuideoidh sé freisin le measúnú a dhéanamh ar na seirbhísí a sholáthróidh EDIH ar deireadh, agus le measúnú a dhéanamh ar bheartais an Aontais agus na hionstraimí airgeadais a thacaíonn le EDIHanna. Déanfar measúnú ar na gnéithe seo a leanas (agus na critéir scórála atá sonraithe sa leathanach deiridh á gcur i bhfeidhm):*

*Creat Measúnaithe Aibíochta Digití le haghaidh Eagraíochtaí Earnála Poiblí (PSOnna)*
*Foinse: EC JRC Mionsaothrú féin*



## M2.1. Straitéis Dhigiteach agus Infheistíochtaí

*Le ceisteanna na gné seo, tá sé beartaithe léargas a fháil ar stádas foriomlán straitéis d'eagraíochta maidir leis an digitiú. Fiafraítear leo faoi ullmhacht na heagraíochta chun tabhairt faoi thuras digiteach a bhféadfadh iarrachtaí eagraíochta agus eacnamaíocha nach ndéantar foráil maidir leo go fóill a bheith ag teastáil ina leith agus infheistíochtaí i ndigitiú de réir réimse gníomhaíochta lena mbaineann (atá forghníomhaithe nó beartaithe).*

1. Cé acu ceann de na bealaí seo a leanas a bhfuil d'eagraíocht ullmhaithe don digitiú (tuilleadh digitithe)? Roghnaigh na roghanna go léir is infheidhme

    1. Déantar riachtanais digitithe a shainaithint agus a ailíniú i gcomhréir le cuspóirí maidir le ceapadh beartais agus riarachán
    2. Déantar acmhainní airgeadais (cistí dílse, deontais, iasachtaí) a shainaithint chun tionscadail digitithe a dhaingniú le linn an 2 bhliain ina dhiaidh sin ar a laghad
    3. Tá bonneagair TFC[3] réidh chun tacú le pleananna digitithe
    4. Tá speisialtóirí TCF fostaithe/ar fochonradh (nó sainaithníodh riachtanais fostaíochta/fochonraitheoireachta)
    5. Tá leibhéal iomchuí gealltanais polaitiúla ann chun ceannas a ghlacadh ar na hathruithe riachtanacha eagraíochtúla is gá
    6. Tá bainistíocht aonad/rann eagraíochta agus a bhfoirne ullmhaithe agus réidh chun tacú le beartais digitithe
    7. Is féidir próisis oibríochtúla inmheánacha agus seachtracha a oiriúnú má cheanglaítear sin leis an digitiú
    8. Tá seirbhísí as líne réidh le tabhairt ar líne nó lena nuachóiriú a thuilleadh le teicneolaíochtaí digiteacha
    9. Déantar faireachán go tráthrialta ar shástacht saoránach agus páirtithe leasmhara eile (gnólachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, etc.) maidir le seirbhísí/idirghníomhaíochtaí ar líne (e.g. trí fhoirmeacha aiseolais, malartuithe ríomhphoist, na meáin shóisialta, etc.)
    10. Cuimhnítear ar rioscaí a bhaineann le digitiú (e.g. tionchair neamhbheartaithe ar réimsí eile[4])

2. Cé acu ceann de na réimsí oibríochtúla seo a leanas a bhfuil infheistíocht digitithe déanta ag d'eagraíocht ann cheana féin agus cé acu ceann díobh a bhfuil sé beartaithe aici infheistíocht a dhéanamh ann amach anseo? Roghnaigh na roghanna go léir is infheidhme.

| | Infheistíocht déanta cheana féin | Plean chun infheistíocht a dhéanamh |
|---|---|---|
| ~~1.~~ Oibríochtaí inmheánacha (próisis riaracháin, struchtúrtha, eagraíochtúla)[5] | | |

[3] Go ginearálta, tagraítear do chrua-earraí ach áirítear ann freisin bonneagar líonra, bonneagar néil (stóráil sonraí agus soláthar seirbhísí), freastalaithe (sonraí a ghabháil agus a bhainistiú go háitiúil) agus ríomhairí táibléid/teirminéil/ríomhairí deisce do bhaill foirne, etc.

[4] Ar na rioscaí a bhaineann le cur chun feidhme an ard-digitithe, d'fhéadfaí na cinn seo a leanas a áireamh: iomarcaíocht saothair, tabhairt isteach claontachta agus éagóra teicneolaíochta, bagairtí ar phríobháideachas sonraí, etc.

| | | |
|---|---|---|
| 2. Oibríochtaí seachtracha (próisis rialachais lena n-áirítear bealaí nua rannpháirtíochta saoránach)[6]<br>3. Ceapadh beartas (Timthriall ceaptha beartas: socrú an chláir oibre, foirmliú beartais, glacadh beartais, cur chun feidhme beartais, meastóireacht bheartais)[7]<br>4. Soláthar seirbhísí poiblí[8] (nó táirgí)<br>5. Riarachán airgeadais (cuntasaíocht, lóistíocht, ríomhshonraisc, etc.)<br>6. Bainistíocht acmhainní daonna<br>7. Ceannach agus soláthar poiblí<br>8. Pleanáil agus bainistíocht tionscadail | | |

### M2.2. An Ullmhacht Dhigiteach:

*Soláthraíonn an ghné ullmhachta digití measúnú ar an úsáid leathan teicneolaíochtaí digiteacha atá ann faoi láthair (idir theicneolaíochtaí príomhshrutha agus ardteicneolaíochtaí).*

3. Cé acu cinn de na teicneolaíochtaí agus de na réitigh dhigiteacha seo a leanas atá á n-úsáid cheana féin ag d'eagraíocht? Roghnaigh na roghanna go léir is infheidhme:

    1. Bonneagar nascachta (e.g. Idirlíon (snáthoptaice) ardluais, seirbhísí néalríomhaireachta, rochtain chianda ar chórais oifige)
    2. Suíomh gréasáin
    3. Foirmeacha nó fóraim ghréasánbhunaithe chun cumarsáid a dhéanamh le saoránaigh
    4. Comhráite beo, líonraí sóisialta agus/nó botaí comhrá chun cumarsáid a dhéanamh le saoránaigh
    5. Uirlisí comhair chianda (e.g. ardán teilea-oibre, físchomhdháil, foghlaim fhíorúil, ardáin agus uirlisí a bhaineann go sonrach le seirbhís)
    6. Tairseach gréasáin inmheánaigh (Inlíon)
    7. Córais Bainistíochta Faisnéise (e.g. Pleanáil Acmhainní Fiontair, Cuntasaíocht, Bainistíocht Acmhainní Daonna, Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí, ríomhshonrascadh)
    8. Uirlisí le haghaidh seirbhísí poiblí digiteacha (idirghníomhú ar líne le saoránaigh agus/nó gnólachtaí, soláthar seirbhíse ar líne)
    9. Uirlisí soláthair phoiblí (Ríomhsholáthar)

---

[5] Tagraítear do dhigitiú a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar cháilíocht agus éifeachtúlacht próiseas inmheánach agus seachtrach. Cineálacha eagraíochtúla nua a chruthú, modhanna agus teicnící bainistíochta nua a thabhairt isteach, modhanna nua oibre.

[6] Tagraítear do dhigitiú a thabhairt isteach maidir le modhanna rialachais a chruthú (do chaidrimh shaoránach (agus/nó) idir gnólacht agus riarachán, rannpháirtíocht gníomhaithe nua, patrúin nua comhchruthaithe agus idirghníomhaíochta.

[7] Tagraítear do dhigitiú a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar shainaithint riachtanas toghthóirí agus chun an méid ama is gá chun beartas a fhorbairt, a thástáil, a chur chun feidhme agus a idirleathadh a ghiorrú.

[8] Tagraítear do dhigitiú a thabhairt isteach chun seirbhísí poiblí nó táirgí nua a chruthú nó feabhas a chur ar na cinn atá ann cheana.

4. Cé acu cinn de na hardteicneolaíochtaí digiteacha seo a leanas[9] atá á n-úsáid cheana féin ag d'eagraíocht? Roghnaigh na roghanna go léir is infheidhme agus úsáid á baint as an scála a sholáthraítear.
   (Níor úsáideadh, Ag cuimhneamh ar a úsáid, Á fhréamhshamhaltú, Á thástáil, Á chur chun feidhme, Oibríochtúil):

    1. Intleacht Shaorga (e.g. Meaisínfhoghlaim, Domhainfhoghlaim; Córais bunaithe ar shaineolaithe agus rialacha; Ríomhaireacht chognaíoch, ard-anailís thuarthach; Uathoibriú próiseas róbatach; Próiseáil Teanga Nádúrtha, Mianadóireacht Téacs, Fís Ríomhaire)
    2. Teicneolaíochtaí Cumarsáide (e.g. Líonraí 5G agus Gléasanna Láimhe; Líonraí Bogearraí Sainithe)
    3. Bonneagair Ríomhaireachta (e.g. Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta; Néalríomhaireacht; Imeall-ríomhaireacht)
    4. Teicneolaíochtaí Mórleabhar Dáilte (e.g. Blocshlabhra; Teicneolaíochtaí Mórleabhar Dáilte Eile)
    5. Aitheantas agus Slándáil Dhigiteach (e.g. Balla Dóiteáin agus Prótacail; Scanóirí Frithvíreas agus Leochaileachta; Scagadh Bithmhéadrach; An chibearshlándáil dírithe ar an néal; Ard-Anailísíocht Úsáideora; Aitheantas fóin póca; Creataí Aitheantais Digiteacha)
    6. Teicneolaíochtaí tumthacha (e.g. Réaltacht Bhreisithe; Réaltacht Fhíorúil)
    7. Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus Gairis Chliste (e.g. Gairis Shoghluaiste, Táirgí Inchaite agus Braiteoirí; Ardáin Idirlíon na Rudaí Nithiúla)
    8. Teicneolaíochtaí Bogearraí agus Seirbhíse (e.g. APInna, Seirbhísí Gréasáin, Micrisheirbhísí lena n-áirítear Clárlanna agus Margaí; Teicneolaíochtaí Bus um Sheirbhís Fiontair agus Fóntais Seirbhíse Rialtais)

### M2.3. Digitiú duinelárnach:

*Dírítear leis an ngné seo ar na scileanna teicneolaíochtaí digiteacha atá ag baill foirne, ar conas a théann siad i ngleic leo, conas a chumhachtaíonn teicneolaíochtaí digiteacha iad agus cén feabhas a chuirtear ar a ndálaí oibre dá mbarr, d'fhonn a dtáirgiúlacht agus a ndea-bhail a mhéadú.*

5. Cad é a dhéanann d'eagraíocht chun a baill foirne a uas-sciliú agus a athsciliú le haghaidh an digitithe? Roghnaigh na roghanna go léir is infheidhme:

    1. Déantar measúnú ar bhearnaí i scileanna digiteacha na mball foirne
    2. Deartar plean oiliúna chun baill foirne a oiliúint agus a uas-sciliú
    3. Eagraítear gearrthréimhsí oiliúna, soláthraítear ranganna teagaisc/treoirlínte agus acmhainní ríomhfhoghlama eile
    4. Éascaítear an fhoghlaim trí ghníomhaíocht/piarfhoghlaim/deiseanna turgnaimh

---

[9] Moladh le déanaí i staidéar leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde go bhfuil roinnt teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí seanbhunaithe san earnáil phoiblí ábhartha do dhearadh agus do chur chun feidhme soláthair seirbhísí poiblí digiteacha: An Coimisiún Eorpach, Airmheán Comhpháirteach Taighde, Bruno, I., Schiavone Panni, A., Marchetti, V., et al., *A multi-dimensional framework to evaluate the innovation potential of digital public services: a step towards building an innovative public services observatory in the EU*, [Creat ilghnéitheach chun meastóireacht a dhéanamh ar chumas nuálaíochta seirbhísí poiblí digiteacha: céim chun cinn maidir le faireachlann seirbhísí poiblí nuálach a bhunú san Aontas] Misuraca, G.(eagarthóir), Lobo, G.(eagarthóir), Oifig na bhFoilseachán, 2020, https://data.europa.eu/doi/10.2760/09628

5. Soláthraítear cúrsaí oiliúna & socrúcháin fostaíochta i réimsí príomhinniúlachta
6. Déantar urraíocht ar rannpháirtíocht ball foirne i dtréimhsí oiliúna a eagraíonn eagraíochtaí seachtracha (soláthraithe oiliúna, acadóirí, díoltóirí)
7. Baintear úsáid as cláir oiliúna agus uas-scilithe

6. Agus réitigh nua dhigiteacha á nglacadh aici, cad é mar a théann d'eagraíocht i dteagmháil lena baill foirne, lena húsáideoirí deiridh (saoránaigh/gnólachtaí i gcás seirbhísí digiteacha poiblí) agus cad é mar a chumhachtaíonn sí iad? Roghnaigh na roghanna go léir is infheidhme:

   1. Méadaítear feasacht na mball foirne faoi theicneolaíochtaí nua digiteacha
   2. Cuirtear pleananna digitithe in iúl do bhaill foirne ar bhealach trédhearcach ionchuimsitheach
   3. Déantar faireachán ar ghlacadh na mball foirne agus déantar bearta chun na héifeachtaí comhthaobhacha a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú (e.g. eagla roimh athrú; cultúr 'ar dualgas i gcónaí' vs. cothromaíocht oibre agus saoil; coimircí in aghaidh rioscaí maidir le sáruithe príobháideachais etc.)
   4. Déantar iarrachtaí chun go mbeidh na baill foirne (lena n-áirítear iad siúd nach baill foirne TFC iad) páirteach i ndearadh agus i bhforbairt digitithe táirgí/seirbhísí/próiseas
   5. Tugtar níos mó saoirse agus uirlisí digiteacha iomchuí do bhaill foirne chun cinntí a dhéanamh agus a fheidhmiú
   6. Déantar poist agus sreafaí oibre a athdhearadh/oiriúnú bunaithe ar aiseolas ón bhfoireann
   7. Bunaítear socruithe oibre níos solúbtha arna gcumasú ag an digitiú (e.g. teilea-obair, obair hibrideach)
   8. Cuirtear foireann/seirbhís tacaíochta digití (inmheánach/sheachtrach) ar fáil don fhoireann
   9. Cuirtear foireann/seirbhís tacaíochta digití (inmheánach/sheachtrach) ar fáil d'úsáideoirí deiridh
   10. Úsáidtear aiseolas ó úsáideoirí deiridh (saoránaigh/gnólachtaí) chun feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí digiteacha

### M2.4. Bainistíocht Sonraí agus Slándáil Sonraí

*Faightear léargas leis an ngné seo ar conas a dhéantar sonraí a stóráil go digiteach, a eagrú laistigh den eagraíocht, a chur ar fáil ar fud gairis nasctha agus a shaothrú chun críoch gnó, ag féachaint le cosaint leordhóthanach sonraí a áirithiú trí scéimeanna cibearshlándála. Cumhdaítear leis an gceist sonraí a stóráiltear i ngach foirm is féidir, doiciméid san áireamh.*

7. Conas a dhéantar sonraí d'eagraíochta a bhainistiú (i.e. a stóráil, a eagrú, rochtain a fháil orthu, a shaothrú)? Roghnaigh na roghanna go léir is infheidhme:

   1. Tá beartas/plean/sraith beart bainistíochta sonraí i bhfeidhm ag an eagraíocht
   2. Ní bhaineann an eagraíocht úsáid as foirmeacha páipéarbhunaithe chun sonraí a bhailiú
   3. Ní stóráiltear sonraí san eagraíocht ach amháin go digiteach (e.g., i bhfeidhmchláir oifige, comhaid ríomhphoist, feidhmchláir neamhspleácha, bunachair sonraí, córais bhainistíochta, ERP etc.)?
   4. Déantar sonraí a chomhtháthú go cuí (e.g. trí chórais idir-inoibritheacha, Comhéadain Ríomhchláraithe Feidhmchlár) fiú nuair atá siad leithdháilte i measc córais dhifriúla
   5. Bíonn sonraí inrochtana i bhfíor-am ó ghairis agus áiteanna éagsúla
   6. Déantar sonraí a bhailítear a anailísiú go córasach agus a thuairisciú le haghaidh cinnteoireachta

7. Déantar sonraí eagraíochta a shaibhriú le sonraí tríú páirtithe (i.e. sonraí ó eagraíochtaí eile earnála poiblí agus/nó gníomhaithe na hearnála príobháidí)
8. Tá anailísíocht sonraí inrochtana gan gá a bheith le cúnamh saineolaithe ar bhonn tráthrialta (e.g. trí dheaiseanna)
9. Tá sonraí eagraíochta ar fáil go poiblí trí phlean beartais Sonraí Oscailte

8. An bhfuil sonraí d'eagraíochta slán go leordhóthanach? Roghnaigh na roghanna go léir is infheidhme:

    1. Tá beartas/sraith beart slándála sonraí i bhfeidhm inár n-eagraíocht
    2. Tá pleananna agus bearta bunaithe ann chun sonraí eagraíochta a chosaint ó chibirionsuithe
    3. Déantar an fhoireann a chur ar an eolas agus a oiliúint go tráthrialta maidir le saincheisteanna/rioscaí cibearshlándála agus cosanta sonraí
    4. Déantar faireachán agus measúnú ar chibearbhagairtí go tráthrialta
    5. Coinnítear cóip chúltaca iomlán de shonraí criticiúla ar bun (lasmuigh den láthair/sa néal)
    6. Tá plean leanúnachais gnó i bhfeidhm i gcás teipeanna tubaisteacha (e.g. na sonraí go léir faoi ghlas ag ionsaí bogearraí éirice nó damáiste fisiciúil don bhonneagar TF)

### M2.5. Idir-inoibritheacht

*Fiosraítear leis an ngné seo an leibhéal idir-inoibritheachta[10] atá bainte amach ag an eagraíocht agus tomhaistear é in aghaidh an leibhéil pleanála/cur chun feidhme chuid den 12 phrionsabail idir-inoibritheachta den Chreat nua Eorpach Idir-inoibritheachta (CEI)[11].*

9. Le linn próisis agus seirbhísí a dhigitiú, cad é a dhéanann d'eagraíocht maidir le sonraí, faisnéis agus eolas a roinnt le heagraíochtaí eile san earnáil phoiblí? Roghnaigh na roghanna go léir is infheidhme maidir le d'eagraíocht ag úsáid an scála a sholáthraítear:
(Níor cuireadh chun feidhme iad agus/nó níl pleananna ann chun iad a chur chun feidhme, Plean ann chun iad a chur chun feidhme, Curtha chun feidhme cheana)

| | Curtha chun feidhme | Pleanáilte |
|---|---|---|
| 1. Sonraí a fhoilsiú mar Shonraí Oscailte<br>2. Cothrom na féinne le haghaidh bogearraí foinse oscailte a áirithiú<br>3. Tús áite a thabhairt do shonraíochtaí oscailte<br>4. Sofheictheacht inmheánach a áirithiú agus comhéadain sheachtracha a sholáthar do sheirbhísí soláthraithe<br>5. Réitigh, faisnéis agus sonraí a athúsáid agus a roinnt | | |

---

[10] Chun críoch CEI, is é is idir-inoibritheacht ann cumas eagraíochtaí (aonaid riaracháin phoiblí nó aon eintiteas ag gníomhú ar a son, nó institiúidí nó comhlachtaí an Aontais) idirghníomhú i dtreo spriocanna atá maith dóibh uile, rud a bhaineann le faisnéis agus eolas a roinnt idir na heagraíochtaí sin, trí na próisis ghnó a dtacaíonn siad leo, trína bheith ag malartú sonraí idir a gcórais TFC.
[11] Sainmhínítear le CEI nua 12 phrionsabal idir-inoibritheachta mar ghnéithe bunúsacha iompraíochta chun ghníomhaíochtaí idir-inoibritheachta a stiúradh. Prionsabail ghinearálta idir-inoibritheachta atá iontu agus iad ábhartha don phróiseas chun seirbhísí poiblí idir-inoibritheacha Eorpacha a bhunú. Tuilleadh faisnéise: https://ec.europa.eu/isa2/sites/default/files/eif_brochure_final.pdf

| | | | |
|---|---|---|---|
| 6. Gan aon réiteach a bhaineann go sonrach le teicneolaíocht a fhorchur ar úsáideoir deiridh | | | |
| 7. Iniomparthacht sonraí a áirithiú | | | |
| 8. Roghanna a thabhairt d'úsáideoirí deiridh rochtain a fháil ar sheirbhísí is fearr a oireann dá riachtanais | | | |
| 9. Pointe teagmhála aonair a sholáthar chun rochtain a fháil ar sheirbhísí | | | |
| 10. Gan ach faisnéis aonuaire agus ábhartha a iarraidh ar úsáideoirí | | | |
| 11. Tá rochtain ar sheirbhísí ag daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus grúpaí eile faoi mhíbhuntáiste | | | |
| 12. Tá seirbhísí ar fáil i níos mó ná teanga amháin | | | |
| 13. A áirithiú go bhfuil malartú sonraí le húsáideoirí deiridh slán agus iontaofa | | | |
| 14. Tús áite a thabhairt d'úsáid seirbhísí trí chainéil dhigiteacha | | | |
| 15. Áirithíonn formáidí stórála sonraí inrochtaineacht fhadtéarmach | | | |
| 16. Déantar meastóireacht ar réitigh dhigiteacha ag cuimhneamh ar riachtanais úsáideoirí agus cothromaíocht a bhaint amach idir costais agus sochair | | | |

**M2.6. Digitiú glas:**

*Faightear léargas leis an ngné seo ar an gcumas atá ag eagraíocht tabhairt faoi dhigitiú de réir cur chuige fadtéarmach ina nglactar freagracht as cosaint agus inbhuanaitheacht acmhainní nádúrtha agus an chomhshaoil agus ina ndéantar cúraim dóibh.*

10. Conas a bhaineann d'eagraíocht úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun cur le hinbhuaine comhshaoil? Roghnaigh na roghanna go léir is infheidhme:

    1. amhail eagraíochta inbhuanaithe (e.g. oibríochtaí a oireann don chomhshaol)
    2. Soláthar seirbhísí inbhuanaithe (e.g. seirbhísí poiblí digiteacha gan pháipéar)
    3. Táirgí inbhuanaithe a sholáthar (e.g. cuimhneamh ar chritéir amhail: éicidhearthóireacht, táirge ó cheann go ceann pleanáil ar feadh na saolré, deireadh ré & síneadh ar shaolré ionchais)
    4. Cuimhneamh ar astaíochtaí, truailliú agus/nó bainistíocht dramhaíola
    5. Giniúint fuinnimh inbhuanaithe sa tsaoráid dhílis
    6. Ídiú/costas fuinnimh a bharrfheabhsú
    7. Laghdú ar chostais iompair
    8. Feidhmchláir dhigiteacha chun iompraíocht fhreagrach saoránach a spreagadh
    9. Próisis riaracháin gan pháipéar

11. An bhfuil d'eagraíocht ag cur tionchair chomhshaoil san áireamh ina roghanna agus a cleachtais dhigiteacha? Grádaigh gach rogha is infheidhme agus úsáid á baint as an scála seo: *Níl, Go páirteach, Tá*:

    1. Tá ábhair imní agus caighdeáin maidir leis an gcomhshaol leabaithe i straitéis dhigiteach na heagraíochta
    2. Tá Córas/deimhniú Bainistíochta Comhshaoil curtha chun feidhme
    3. Tá gnéithe comhshaoil mar chuid de chritéir teicneolaíochtaí digiteacha/ soláthair soláthróirí

4. Déantar faireachán ar thomhaltas fuinnimh teicneolaíochtaí digiteacha agus stórála sonraí agus barrfheabhsaítear é
5. Déanann an eagraíocht seantrealamh teicneolaíochta a athchúrsáil/athúsáid go gníomhach